

Comhairle Contae Loch Garman
Wexford County Council


# Plean Bainistíochta Bruscair 2024-2027

Leagan 4.  29 Aibreán, 2024

## Clár Ábhar Uimh. Leathanaigh


| | | |
|---|---|---|
| A. | Réamhrá | 3 |
| B. | Roinnt Fíricí faoi Chontae Loch Garman. | 4 |
| C. | Cad ba cheart a bheith ar áireamh i bPlean Bainistíochta Bruscair? | 4 |
| D. | An Míniú ar 'Bruscar' agus Freagrachtaí maidir le Bruscar | 5 |
| E. | Plean Bainistíochta Bruscair – Athbhreithniú ar an bPlean Deireanach | 8 |
| F. | An Plean a Dhréachtú agus an Comhairliúchán Poiblí | 12 |
| G. | Cuspóirí agus Gníomhartha Bainistíochta Bruscair Chomhairle Contae Loch Garman | 12 |
| H. | Conclúid | 26 |
| I. | Feidhmíocht a Thomhas | 27 |
| Aguisín 1. | Mionsonraí Teagmhála Tábhachtacha | 28 |
| Aguisín 2. | Mionsonraí faoi Ionaid Athchúrsála Teaghlaigh Chomhairle Contae Loch Garman. | 29 |

# Plean Bainistíochta Bruscair Chomhairle Contae Loch Garman 2024-2027




***Feachtas Bruscair Cois Bóthair Údaráis Áitiúla an Oirdheiscirt.***

## A. Réamhrá

Is fadhb áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta é an truailliú ó bhruscar agus ó dhramhaíl, agus ní thaitneoidh le haon chónaitheoir i gContae Loch Garman, beagnach, bruscar agus dramhaíl atá caite amach go neamh-aireach ar a sráid, ar a bhfaiche eastáit, ar a dtrá áitiúil nó ar a limistéar radharcach a fheiceáil. Cosúil le húdaráis áitiúla eile in Éirinn, baineann Comhairle Contae Loch Garman úsáid as an gCóras Náisiúnta Faireacháin ar Thruailliú ó Bhruscar chun méid an bhruscair sa Chontae a thomhas agus chun miondealú a dhéanamh ar na príomhchineálacha bruscair a aimsítear.

Sna torthaí suirbhé is déanaí ón mbliain 2022 (a chuimsigh breis agus 300 suirbhé san iomlán don Chontae), léirítear go bhfuil 24% den Chontae saor ó bhruscar, go bhfuil 64% den Chontae faoi bheagáinín bruscair, go bhfuil 11% den Chontae faoi mhéid measartha bruscair, go bhfuil pas beag níos mó ná 1% den Chontae faoi mhéid mór bruscair agus nach bhfuil aon limistéir faoi mhéid ollmhór bruscair. Is iad bunanna toitíní an cineál bruscair is coitianta. Is é bruscar pacáistíochta an cineál bruscair is coitianta ina dhiaidh sin. Is fearr na torthaí do Chontae Loch Garman ná an meán náisiúnta. Is léiriú soiléir é sin, mar aon leis an bhfíric go bhfaigheann an Chomhairle thart ar 3,000 gearán faoi bhruscar agus faoi dhramhaíl gach bliain, go bhfuil fadhb bruscair ag an gContae. Léirítear sa Tuarascáil is déanaí ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar Staid an Chomhshaoil go bhfuil truailliú ó bhruscar ar cheann de phríomhfhadhbanna comhshaoil na hÉireann fós. Cosnaíonn sé €3.3 milliún ar Chomhairle Contae Loch Garman déileáil le héifeachtaí an bhruscair agus na dramhaíola, déanann sé damáiste don chomhshaol, is féidir leis a bheith ina ghuais sláinte, déanann sé difear diúltach don turasóireacht, is cúis le hamharcthruailliú é agus is féidir leis fadhbanna sóisialta eile a chruthú.

Ceanglaítear leis an Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 (arna leasú), nach mór d'údarás áitiúil a Phlean Bainistíochta Bruscair a athbhreithniú, a leasú nó a athsholáthar gach trí bliana. Bhunaigh an Chomhairle **Fochoiste Gníomhaíochta Bruscair agus Dramhaíola** i mí Aibreáin 2021 chun breathnú ar fhadhbanna Bruscair agus Dramhaíola i gContae Loch Garman. Tá an Coiste comhdhéanta de sheisear Comhairleoirí agus de cheathrar Ball Foirne ón Rannóg Comhshaoil agus tháinig sé le chéile sé huaire. Glacadh Tuarascáil Deiridh ina raibh 23 mholadh an 12 Meitheamh 2023.
Tá na moltaí ar áireamh i nGníomhartha an Phlean Bainistíochta Bruscair nua.

Tá sé mar aidhm le Plean Corparáideach Chomhairle Contae Loch Garman 2019-2024 (Colún 2) *“obair le timpeallacht fholláin a chur ar fáil trí oideachas agus rialáil; leis an timpeallacht nádúrtha agus thógtha a fheabhsú agus a chaomhnú; agus le bonneagar caithimh aimsire ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar mhaithe le leas an phobail agus leas cuairteoirí”*. Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Loch Garman anois Plean Bainistíochta Bruscair nua a ghlacadh don tréimhse 2024-2027, agus é mar mhisean leis na héifeachtaí atá ag truailliú ó bhruscar ar chomhshaol Chontae Loch Garman a laghdú agus dearcadh sibhialta níos leithne a chothú i measc an phobail i leith bruscar agus dramhaíl a chaitheamh. Ullmhaíodh an Dréacht-Phlean Bainistíochta Bruscair agus aird á tabhairt ar na Pleananna seo a leanas:

- Straitéis Chomhairle Contae Loch Garman um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019-2024.
- Plean Chomhairle Contae Loch Garman um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2029.
- Plean Dramhaíola Náisiúnta le haghaidh Geilleagar Ciorclach.
- Plean Corparáideach Chomhairle Contae Loch Garman 2019-2024.
- An Plean Forbartha Contae 2022-2029.

## B. Roinnt fíricí faoi Chontae Loch Garman

Contae cósta ar chúinne thoir theas na hÉireann is ea Contae Loch Garman. Tá sé 2,367 gciliméadar chearnacha ar achar, agus Contae Cheatharlach, Contae Chill Chainnigh, Contae Chill Mhantáin agus Contae Phort Láirge timpeall air agus é teoranta ag Muir Éireann agus ag an Atlantach. Tá 163,527 nduine ina gcónaí i gContae Loch Garman (de réir Dhaonáireamh 2022 ón bPríomh-Oifig Staidrimh, figiúr atá 9.5% níos airde ná mar a bhí sé sa bhliain 2016) agus is iad Inis Córthaidh, Guaire, Ros Mhic Thriúin, Loch Garman agus Bun Clóidí na príomhbhailte. Tá thart ar 62% den daonra ina gcónaí i limistéir thuaithe lasmuigh de na príomhbhailte. Tá calafort farantóireachta idirnáisiúnta aige in Eoraphort Ros Láir. Tá earnáil gnó talmhaíochta faoi bhláth ag Contae Loch Garman, agus an earnáil miondíola, an earnáil seirbhísí agus an earnáil turasóireachta ag rannchuidiú go mór leis an ngeilleagar áitiúil.

Tá tairiscint iontach do chuairteoirí ag Contae Loch Garman, a dtugtar “an tOirdheisceart Grianmhar” air agus a bhfuil imeallbhord 260 km aige, arb imeallbhord gainmheach den chuid is mó é. Tá ocht mBrat Ghorma agus deich nGradam Cósta Ghlais aige freisin.
Ar na nithe is díol spéise tá Trá Churrach Cló cháiliúil, Áras Ceoldrámaíochta Loch Garman, Caisleán Bhaile Sheáin, Páirc John F. Kennedy, Páirc Oidhreachta Náisiúnta na hÉireann, teach solais Rinn Duáin, an Halla, Teach Thobar Scoilbín, Caisleán Fhearna, Cnoc Fhiodh na gCaor, Caisleán Inis Córthaidh, long Gorta Mhóir Dhún Bróithe i Ros Mhic Thriúin, Cé na Cille Móire, Oileáin an tSailte agus mar sin de.

## C. Cad ba cheart a bheith ar áireamh i bPlean Bainistíochta Bruscair?

Faoi alt 10(1) den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 (arna leasú) (“an tAcht”), déanfaidh údarás áitiúil “plean bainistíochta bruscair a dhéanamh agus a chur chun feidhme i leith a limistéir feidhme”.

Folaíonn limistéar feidhme Chomhairle Contae Loch Garman Ceantar Bardasach Inis Córthaidh, Ceantar Bardasach Ghuaire-Chill Mhucraise, Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin, Ceantar Bardasach Ros Láir agus Ceantar Buirge Loch Garman.

Tá sé de rún ag Comhairle Contae Loch Garman anois Plean Bainistíochta Bruscair a dhéanamh agus a chur chun feidhme don tréimhse 2024-2027. Faoi alt 11 den Acht, tá sé beartaithe go ndéanfar na nithe seo a leanas sa Phlean Bainistíochta Bruscair:

a) A shonrú cibé cuspóirí a mheasann an t-údarás áitiúil a bheith cuí chun bruscar a chosc agus a rialú ina limistéar feidhme,

b) Bearta a shonrú chun feasacht an phobail a spreagadh d'fhonn deireadh a chur le truailliú ó bhruscar, lena n-áirítear bearta oideachasúla agus faisnéise atá dírithe ar dhaoine óga,

c) A shonrú cé na bearta nó na socruithe atá le déanamh ag an údarás áitiúil chun cuspóirí an phlean a bhaint amach, agus

d) Faisnéis fúthu seo a leanas a chur ar áireamh nó faisnéis atá le ceapadh agus aird á tabhairt orthu sin a chur ar áireamh:

   i. Breithmheas ar na cláir uile um chosc agus rialú bruscair atá á n-oibriú ag an údarás áitiúil,

   ii. Beartais agus cuspóirí an údaráis áitiúil i ndáil le cosc agus rialú bruscair,

   iii. Na bearta, a mhéid is féidir leis an údarás áitiúil a dhéanamh amach, a dhéanfaidh daoine seachas an t-údarás áitiúil le linn na tréimhse iomchuí nó ar féidir go ndéanfaidh na daoine sin iad chun bruscar a chosc agus a rialú,

   iv. Na saoráidí ag ar féidir le daoine den phobal dramhaíl a chur lena haisghabháil nó lena diúscairt de réir bhrí an Achta um Bainistiú Dramhaíola, 1996 (arna leasú),

   v. Na bearta atá le déanamh ag an údarás áitiúil chun forálacha an Achta seo a fhorfheidhmiú ina limistéar feidhme, agus

   vi. Aon nithe teagmhasacha agus coimhdeacha.

Is féidir go sonrófar i bplean bainistíochta bruscair na cuspóirí atá le baint amach maidir le cosc bruscair agus le glaineacht do limistéir ainmnithe laistigh dá limistéar feidhme agus is féidir go sonrófar cuspóirí difriúla ann le haghaidh limistéir dhifriúla nó le haghaidh aicmí difriúla limistéar. Déanfaidh údarás áitiúil cibé bearta a mheasann sé a bheith cuí agus riachtanach chun na cuspóirí a bhaint amach.

## D. An míniú ar 'bruscar'

Faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 ("an tAcht"), mínítear 'bruscar' faoi alt 2 mar a leanas:

*"substaint nó rud, bíodh sé beartaithe mar dhramhaíl nó ná bíodh (seachas dramhaíl de réir bhrí an Achta um Bainistiú Dramhaíola, 1996, atá coinsínithe go cuí lena diúscairt) ar dóigh dó nó di, nuair a chuirtear é nó í in áit seachas gabhdán bruscair nó áit eile atá ainmnithe go dleathach don chur, teacht chun bheith gránna, díobhálach, masmasach nó míshláintíoch, bíodh sé ann nó inti féin nó le haon substaint nó rud eile den sórt sin agus beag beann ar an méid atá ann nó inti nó ar thoirt nó méid an chuir".*




Is “dramhaíl atá fágtha san áit mhícheart” é bruscar dáiríre. Is féidir le haon rud a bheith ann, idir mhála brioscán prátaí ar shráid phoiblí agus tholg atá caite isteach i mbealach isteach foraoiseachta i limistéar tuaithe.

**<u>Freagrachtaí a bhaineann le cosc bruscair</u>**

**<u>Is iad seo a leanas na freagrachtaí atá ar an Údarás Áitiúil</u>:**

- Na bearta praiticiúla uile a dhéanamh chun cosc, rialú agus diúscairt cheart bruscair a chumasú,
- Bearta a dhéanamh chun feasacht ar thruailliú ó bhruscar agus ar a éifeacht ar an gcomhshaol a chur chun cinn,
- Rannpháirtíocht phobal agus ghnólachtaí an Chontae i dtruailliú ó bhruscar a chosc agus a shárú a spreagadh,
- Rochtain a thabhairt ar shaoráidí cuí/ar ghabhdáin chuí agus ar araidí bruscair dá shaoránaigh, agus a eagrú go ndéanfaí iad sin a fholmhú agus a ghlanadh go tráthrialta,
- An dlí a fhorfheidhmiú agus na pionóis agus na smachtbhannaí dlíthiúla is gá a chur i bhfeidhm.

**Áirítear iad seo a leanas leis na freagrachtaí atá ar ghnólachtaí:**

- An gharchomharsanacht agus limistéar atá suas le 100 m ón áitreabh a choinneáil saor ó bhruscar.
- Aon talamh príobháideach atá le feiceáil ó áit phoiblí a choinneáil saor ó bhruscar.
- Tá freagrachtaí breise ar dhaoine a bhfuil asraonta soghluaiste acu, a oibríonn asraonta soghluaiste nó atá i gceannas ar asraonta soghluaiste agus ar dhaoine a eagraíonn mórimeachtaí.
- A chinntiú nach gcuirtear aon fhógraí neamhúdaraithe ná aon fhógraí poiblí neamhúdaraithe in áiteanna poiblí.
- Gan aon fhógráin fógraíochta a chur ar charranna.
- A chinntiú nach mbíonn bruscar ann mar thoradh ar ábhar a iompar agus go mbíonn an t-ábhar daingnithe go leordhóthanach chun bruscar a sheachaint.

**Áirítear iad seo a leanas leis na freagrachtaí atá ar an bpobal:**

- Tá oibleagáid ar aon úinéir nó áititheoir ar mhaoin is féidir a fheiceáil ó áit phoiblí an mhaoin a choinneáil saor ó bhruscar. Is féidir go n-eiseoidh Comhairle Contae Loch Garman fíneáil nó go dtionscnóidh sí ionchúiseamh mura gcoinnítear an mhaoin saor ó bhruscar.
- Gan aon bhruscar a chruthú in áit phoiblí nó in áit atá infheicthe ó bhóthar poiblí.
- Ní mór don phobal a chinntiú go bhfaightear réidh le fuíollábhar i ngabhdán dramhaíola nó in araid, nó i saoráid dramhaíola údaraithe.
- Beidh freagracht ar úinéirí madraí as faecas madra a bhaint d'áit phoiblí agus as a chinntiú go bhfaightear réidh leis i gceart.
- Ní mór do dhaoine den phobal a chinntiú nach dtugann siad dramhaíl tí, lena n-áirítear ábhair in-athchúrsáilte, ach amháin do bhailitheoirí a bhfuil na húdaruithe riachtanacha acu chun an dramhaíl sin a bhailiú agus ní mór dóibh a bheith cúramach agus míreanna dramhaíola á bhfágáil amach acu bunaithe ar bhileoga a thagann isteach ina mbosca litreacha ó dhaoine aonair agus ó chuideachtaí a airbheartaíonn go bhfuil siad ag déanamh ionadaíocht d'eagraíochtaí carthanúla.

## E. Pleananna Bainistíochta Bruscair – Athbhreithniú ar an bPlean Deireanach

Is é an dréacht-Phlean Bainistíochta Bruscair seo an cúigiú Plean Bainistíochta Bruscair atá ullmhaithe ag Comhairle Contae Loch Garman ó thabhairt isteach an Achta um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 (arna leasú), i leith. Dírítear in aon Phlean Bainistíochta Bruscair ar na héifeachtaí atá ag truailliú ó bhruscar ar limistéar údaráis áitiúil ar leith a íoslaghdú. Cosúil le húdaráis áitiúla eile in Éirinn, baineann Comhairle Contae Loch Garman úsáid as an gCóras Náisiúnta Faireacháin ar Thruailliú ó Bhruscar chun an dul chun cinn maidir le feabhas a chur ar an staid bruscair fhoriomlán a thomhas (tá mionsonraí faoin gCóras ar fáil sa chéad rannán eile). Is féidir a fheiceáil ón gCóras Náisiúnta Faireacháin ar Thruailliú ó Bhruscar gur tháinig feabhas ar Chontae Loch Garman ó 0% den Chontae a bheith Saor ó Bhruscar sa bhliain 2004 go 37% den Chontae sa bhliain 2014 agus go 24% den Chontae sa bhliain 2022 a bheith Saor ó Bhruscar, agus ó 70% den Chontae a bheith faoi bheagáinín bruscair nó níos fearr sa bhliain 2004 go 88% den Chontae a bheith faoi bheagáinín bruscair nó níos fearr sa bhliain 2022.

***E.1  Áirítear iad seo a leanas leis na tionscnaimh agus na bearta a rinneadh ón bPlean Bainistíochta Bruscair deireanach i leith:***

- Tionscnaimh Frithdhumpála – Tá Comhairle Contae Loch Garman ag glacadh páirt i dTionscnaimh Frithdhumpála na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ón mbliain 2017 i leith – Maithiúnas Tochtanna, Rothair don Afraic, Glantachán Ball Dubh, TCI agus úsáid a bhaint as Gléasanna Rabhaidh Fuaime.




- Tá Feachtais Frithshalaithe Madraí ar bun le Comhairlí eile – "Cuir i Mála é, Cuir in Araid é nó Tabhair Abhaile é".

- Tá Struchtúr Nua Maor Comhshaoil i bhfeidhm – maor amháin i dtuaisceart an Chontae agus maor amháin i ndeisceart an Chontae.

- Tá úsáid á baint as Gléasanna Rabhaidh Fuaime agus as comharthaí beaga Teachtaireachtaí Inathraithe le haghaidh salú madraí agus le haghaidh cabhrú le Láithreáin Araidí Buidéal a choinneáil glan.

- Tugadh Foireann Glantacháin Comhshaoil isteach sa bhliain 2018 a ghlanann teagmhais thuairiscithe dumpála neamhdhleathaí mar chuid dá dualgais – tá deichniúr ball foirne páirteach ann.

- Tá Fodhlíthe Loch Garman um Dhramhaíl a Thabhairt i Láthair in éifeacht ón 1-1-2019 i leith agus tá siad ina n-uirlis úsáideach i gcomhlíonadh forfheidhmiúcháin dramhaíola do theaghlaigh.

- Baineadh úsáid as TCI agus as Gléasanna Rabhaidh Fuaime i bhForfheidhmiú Dramhaíola/Bruscair suas go dtí an bhliain 2020.

- Seoladh Feachtas Frithbhruscair Cois Bóthair "Dúshlán Maistíní Bruscair a Thabhairt".

- Suiteáladh sé thobar Uisce Óil ag Tránna Brait Ghoirm (Cosc Dramhaíola).

- An feachtas bruscair gníomhaíochtaí amuigh "Do Phicnic a Ghlasú", 2020-2021.

- An Deontas Bonneagair Bruscair 2021 ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide – ceannaíodh araidí breise.

- Maoir Thrá Shealadacha bhreise i gCurrach Cló agus i gCaisleán Mhurchú.
- Tugadh Fodhlíthe Trá Chomhairle Contae Loch Garman nua isteach sa bhliain 2022.
- Tugadh struchtúr nua Coiste Beartais Straitéisigh um Athrú Aeráide, Bithéagsúlacht agus Comhshaol isteach sa bhliain 2020.
- Méadú sa rannpháirtíocht i nGlantacháin Phobail: 2021 – 1,331 ghrúpa; agus 2022 – 1,023 ghrúpa.
- Maithiúnais tochtanna 2017-2023 – athchúrsáladh breis agus 13,500 tocht agus 2,118 gcinn de thoilg agus de chathaoireacha sócúlacha.
- Glanadh 46 Bhall Dhubha Bruscair sa tréimhse 2017-2023 agus baineadh breis agus 400 tonna d'ábhar dramhaíola.
- Tugadh cupáin in-athúsáidte go2 isteach i Halla an Chontae, Loch Garman.
- Bunaíodh Fochoiste Gníomhaíochta Bruscair agus Dramhaíola nua, tháinig sé le chéile sé huaire agus thug sé tuairisc i mí an Mheithimh 2023.
- Lean Seirbhísí Comhshaoil de bheith i mbun oibre le linn Shrianta COVID-19 sa tréimhse 2020-2022.
- Leathnaíodh an Fhoireann Glantacháin Comhshaoil chun déileáil le heachtraí dumpála neamhdhleathaí.
- Cuireadh chun feidhme breis agus 90% de na gníomhartha sa Phlean Bainistíochta Bruscair 2017-2020.
- Torthaí feabhsaithe trí Thuarascálacha an Chórais Náisiúnta Faireacháin ar Thruailliú ó Bhruscar.

### *E.2 An Córas Náisiúnta Faireacháin ar Thruailliú ó Bhruscar – An fhadhb a thomhas*

Ón mbliain 2001 i leith, tá údaráis áitiúla ag baint úsáid as an gCóras Náisiúnta Faireacháin ar Thruailliú ó Bhruscar chun a thomhas cé chomh dona agus atá an fhadhb bruscair sa Chontae agus cad é atá sa bhruscar a aimsítear. Leis an gcóras, úsáidtear léarscáileanna GIS agus bunachar sonraí ríomhairithe chun suíomhanna (gineadóirí bruscair féideartha) ar dócha go mbeidh bruscar le fáil iontu a ghiniúint. I gContae Loch Garman, déantar suirbhé ar bhreis agus 300 suíomh gach bliain chun cineál agus fairsinge an bhruscair sa chontae a thomhas. Léirítear na torthaí ar an gcéad leathanach eile. Rinne na Comhairlí Baile a bhí ann roimhe seo cleachtadh den chineál céanna le haghaidh gach baile.


**Comhairle Contae Loch Garman – Suirbhéanna Náisiúnta Faireacháin ar Thruailliú ó Bhruscar, 2004-2022: An Céatadán den Chontae atá faoi Bhruscar (Suirbhéanna ar Thruailliú ó Bhruscar)**

| Bliain | Saor ó bhruscar | Faoi bheagáinín bruscair | Faoi mhéid measartha bruscair | Faoi mhéid mór bruscair | Faoi mhéid ollmhór bruscair |
|---|---|---|---|---|---|
| 2022 | 24.2% | 63.4% | 11.3% | 1.1% | 0% |
| 2021 | 6.9% | 74.1% | 15.5% | 3.4% | 0% |
| 2020 | 9.4% | 68.8% | 18.8% | 3.4% | 0% |
| 2019 | 9.8% | 67.9% | 18.8% | 1.5% | 0% |
| 2018 | 10% | 70.5% | 17.7% | 17.7% | 0% |
| 2017 | 18.3% | 67% | 14.7% | 0% | 0% |
| 2016 | 12.10% | 65.9% | 21.9% | 0.4% | 0% |
| 2015 | 10.60% | 65.90% | 18.43% | 5.07% | 0% |
| 2014 | 37.40% | 50.41% | 12.30% | 0% | 0% |
| 2013 | 51.92% | 39.43% | 7.69% | 0.96% | 0% |
| 2012 | 26.79% | 60.71% | 12.50% | 0% | 0% |
| 2011 | 7.5% | 82.5% | 10% | 0% | 0% |
| 2010 | 13.2% | 53.9% | 28.9% | 3.9% | 0% |
| 2009 | 0% | 75.3% | 21.0% | 3.7% | 0% |
| 2008 | 9.4% | 55.2% | 26% | 9.4% | 0% |
| 2007 | 5.4% | 60.9% | 17.4% | 16% | 0% |
| 2006 | 0% | 53% | 23% | 20% | 3% |
| 2004 | 0% | 23% | 56% | 21% | 0% |

Maidir leis na caighdeáin le haghaidh na gcatagóirí um limistéir atá saor ó bhruscar, atá faoi bheagáinín bruscair, atá faoi mhéid measartha bruscair agus atá faoi mhéid ollmhór bruscair, etc., déantar tagairt dóibh i sraith grianghraf a n-úsáideann na húdaráis áitiúla uile iad.

Is féidir a fheiceáil gurb amhlaidh ón mbliain 2004 i leith atá méadú ag teacht de réir a chéile ar an gcéatadán den Chontae atá saor ó bhruscar, ó 0% sa bhliain 2004 go 24.2% sa bhliain 2022, agus atá feabhas tagtha ar an gcatagóir um limistéir atá faoi bheagáinín bruscair ó 23% sa bhliain 2004 go 63.4% sa bhliain 2022, gan aon limistéir a bheith faoi mhéid ollmhór truaillithe ann sa bhliain 2022. Comhcheanglaíodh bailte agus limistéir thuaithe chun críocha suirbhéireachta den chéad uair riamh sa bhliain 2015.

De réir na suirbhéanna cainníochtaithe bruscair, fuarthas amach gurbh iad bunanna toitíní agus, ina dhiaidh sin, bruscar pacáistíochta (cannaí dí, buidéil, cartáin, cairtchlár, scannán plaisteach, etc.) na míreanna bruscair ba choitianta i gContae Loch Garman sa bhliain 2022.



**Torthaí Irish Business Against Litter (IBAL), 2017-2022: Bailte Loch Garman**

| Bliain | Baile | Toradh (Áit as 40 Baile) |
|---|---|---|
| 2022 | Guaire | Níos glaine ná noirm Eorpacha – an 10ú háit |
| 2021 | Loch Garman | Glan de réir noirm Eorpacha – an 15ú háit |
| 2020 | Guaire | Faoi mhéid measartha bruscair – an 30ú háit |
| 2019 | Guaire | Faoi mhéid measartha bruscair – an 30ú háit |
| 2018 | Guaire | Faoi mhéid measartha bruscair – an 32ú háit |
| 2017 | Loch Garman | Glan de réir noirm Eorpacha – an 25ú háit |

**Staitisticí Bainistíochta Bruscair thar an tréimhse 2018-2022**

| Bliain | Fíneálacha a Eisíodh | Ionchúisimh Rathúla | Gearáin a Fuarthas | Glantacháin Phobail |
|---|---|---|---|---|
| 2022 | 229 | 43 | 2,188 | 1,023 |
| 2021 | 199 | 19 | 2,721 | 1,331 |
| 2020 | 213 | 20 | 3,187 | 628 |
| 2019 | 341 | 13 | 2,758 | 716 |
| 2018 | 324 | 22 | 3,050 | 450 |

## F. An Plean a Dhréachtú agus an Comhairliúchán Poiblí, Ráithe 1 den bhliain 2024

**1) AN PLEAN A DHRÉACHTÚ**

- Comhairliúchán a sheoladh le rannóga agus baill foirne iomchuí de chuid an Údaráis Áitiúil
- Meastóireacht a dhéanamh ar fhadhbanna bruscair reatha
- Athbhreithniú a dhéanamh ar aon athruithe iomchuí sa reachtaíocht
- Athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtaí ó bhaill foirne ar dhóigh dóibh freagrachtaí a bheith orthu faoin bPlean nua

**2) CÉIM AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN REACHTÚIL**

- Comhaltaí Tofa (an Coiste Beartais Straitéisigh agus an Chomhairle iomlán)
- Comhairliúchán Poiblí

**3) AN PLEAN A ATHBHREITHNIÚ AGUS A FHOILSIÚ**

- An plean a leasú, más gá, bunaithe ar mheasúnú ar na haighneachtaí arna bhfáil
- Glacadh an Phlean ag Comhaltaí na Comhairle
- An leagan deiridh den Phlean Bainistíochta Bruscair 2024-2027 a fhoilsiú

Bhí Dréacht-Phlean Bainistíochta Bruscair Chomhairle Contae Loch Garman 2024-2027 ar fáil le haghaidh Comhairliúchán Poiblí sa chéad ráithe den bhliain 2024. Bhíothas in ann amharc ar an Dréacht-Phlean ar Thairseach Comhairliúcháin Phoiblí Chomhairle Contae Loch Garman ar a suíomh Gréasáin ag www.wexford.ie

Bhí daoine den phobal agus eagraíochtaí in ann aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an Dréacht-Phlean Bainistíochta Bruscair. Cuireadh na haighneachtaí san áireamh ansin agus an Plean Deiridh á ullmhú lena ghlacadh ag Comhaltaí Chomhairle Contae Loch Garman.

Fuair Comhairle Contae Loch Garman ceithre aighneacht le linn an chomhairliúcháin phoiblí ón 13 Márta go dtí an 22 Aibreán. Fuarthas aighneachtaí ó Ghrúpa Bailte Slachtmhara Inis Córthaidh, ó Ghrúpa Bailte Slachtmhara Ghuaire agus ó Ghrúpa Bailte Slachtmhara Choill an Iarainn agus fuarthas aighneacht amháin ó dhuine den phobal. Tá na haighneachtaí ar fáil ar an tairseach comhairliúcháin ar shuíomh Gréasáin na Comhairle. Beidh an tuarascáil ar na haighneachtaí a fuair Comhairle Contae Loch Garman ar fáil freisin ar shuíomh Gréasáin na Comhairle ag wexfordcoco.ie. Pléitear sa Dréacht-Phlean Bainistíochta Bruscair 2024-2027 na hábhair imní a tarraingíodh anuas.

## *G. Straitéis le haghaidh déileáil leis an bhFadhb Bruscair i gContae Loch Garman*

Cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta le blianta beaga anuas, e.g., maidir le dramhearraí leictreacha (an Scéim um Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach a Thabhairt ar Ais), maidir le tochtanna (maithiúnais tochtanna 2017-2023), maidir le Glantachán Ball Dubh Bruscair agus maidir le feabhsuithe ó thaobh salú madraí de (úsáidtear 500,000 sluaistín caca i mBaile Loch Garman gach bliain), tá fadhb shuntasach truaillithe ó bhruscar ann fós. Tar éis scrúdú a dhéanamh ar ghearáin a fuarthas, ar thorthaí an Chórais Náisiúnta Faireacháin ar Thruailliú ó Bhruscar, ar thorthaí IBAL agus ar phlé le Foirne Glantacháin Comhshaoil, le Baill Foirne Glantacháin Sráide agus le Maoir Chomhshaoil, tá roinnt de na fadhbanna seo a leanas fós forleathan ar fud an Chontae:

### Saincheisteanna tosaíochta a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu i gContae Loch Garman

Sa rannán seo den phlean, féachtar ar na cásanna éagsúla ar dóigh dóibh bruscar a ghiniúint i gContae Loch Garman. Ní dhéantar iad a rangú de réir an leibhéil iarbhír bruscair a aimsítear. Sainaithnítear gníomhaíochtaí reatha chun dul i ngleic le fadhbanna mar aon le gníomhartha féideartha amach anseo.

**Coisithe**

Ar shráideanna uirbeacha, is iad coisithe an grúpa is mó atá freagrach as an truailliú ó bhruscar i gContae Loch Garman fós. Bíonn áiteanna poiblí, cosáin, siúlbhealaí agus limistéir phoiblí eile thíos le míreanna bruscair caite. Is iad an caitheamh tobac, an t-ól agus an t-ithe is cúis le míreanna bruscair a bheith á ligean.

Is iad bunanna toitíní agus guma coganta na míreanna bruscair is coitianta a aimsítear i limistéir uirbeacha. Is ar shráideanna uirbeacha a chaitear an-chuid den chaiteachas ar ghlanadh.

**Gluaisteánaithe**

Is caiteoirí bruscair suntasacha i ngach cuid de Chontae Loch Garman iad gluaisteánaithe a théann thart agus a bpaisinéirí. Is minic a aimsítear méideanna bruscair ar chiumhaiseanna bóthair, agus tugann IBAL dá aire gur fadhb ar leith í sin ar bhóithre isteach. Gné choitianta den saol nua-aimseartha is ea ithe agus ól i bhfeithiclí nó 'ithe ar an deais'. Is iad míreanna pacáistíochta amhail buidéil, coimeádáin dí te agus clúdaigh bhia na míreanna bruscair is coitianta a chaitheann gluaisteánaithe a théann thart. Is fadhb ina lán suíomhanna radharcacha í an dumpáil neamhdhleathach ag cuairteoirí agus ag tiománaithe áineasa, agus bíonn suíomhanna a bhfuil tóir orthu, amhail tránna, thíos leis an bhfadhb sin go háirithe. Is cleachtadh costasach é bruscar a bhailiú ó chiumhaiseanna bóithre poiblí. Is é trácht a théann thart ar ardluas is cúis le rioscaí sábháilteachta do bhaill foirne agus do dhaoine den phobal araon.

**Dumpáil Neamhdhleathach/Diúscairt Neamhdhleathach**

Rud coitianta i limistéir thuaithe agus i limistéir shléibhe is ea dumpáil neamhdhleathach agus diúscairt neamhdhleathach. Is gnách gurb é an cineál bruscair is sofheicthe, is costasaí agus is díobhálaí é agus gurb é an t-ábhar don líon is mó gearán é. Is féidir le baint phras málaí a dhumpáiltear cabhrú le cosc a chur ar bhruscar níos forleithne a bheith ag tarlú nuair a éiríonn na málaí stróicthe.




*Stionsal maidir le salú madraí ar úsáid Comhairle Contae Loch Garman é le haghaidh a feachtais "Cuir i mála é, Cuir in Araid é".*

**Salú Madraí**
Fadhb atá ina príomhthosaíocht ina lán codanna den Chontae, go háirithe ar bhealaí siúil uirbeacha a bhfuil tóir orthu, is ea salú madraí. Bíonn úinéirí madraí freagrach as glanadh suas i ndiaidh a bpeataí in áiteanna poiblí. Déanann roinnt díobh neamhaird ar a bhfreagrachtaí, áfach. Is é is Tocsacáiriáis ann ná galar a fhaightear i bhfaecas ainmhí. Tagann sí as uibheacha an toxocara, ar cruinnphéist í. Is trí theagmháil le faecas ainmhí agus le hithir fhabhtaithe a thugtar na huibheacha sin ar aghaidh ó mhadraí chuig daoine.
Bíonn leanaí i mbaol ar leith, agus is féidir le daoine tinneas a tholgadh agus radharc na súl a chailleadh go páirteach fiú mar thoradh ar theagmháil den sórt sin. Is cosúil gur rud coitianta atá ag teacht chun cinn le déanaí é go ndéanann daoine an faecas madra a chur i mála agus ansin an mála a fhágáil in áit mhíchuí, rud a chruthaíonn cineál eile bruscair.

**Comharthaíocht Neamhdhleathach agus Neamhúdaraithe**
Cúis lena lán gearán is ea iomadú na comharthaíochta neamhúdaraithe feadh an bhóthair phoiblí le haghaidh imeachtaí, gnólachtaí, díolachán agus fógraí poiblí, i measc nithe eile. Baintear comharthaí neamhdhleathacha agus eisítear fíneálacha nach mór a íoc sula bhféadfar comharthaí a aisghabháil.

**Feithiclí Tréigthe**
Is minic a thréigtear carranna cois bóthair agus ar spásanna oscailte poiblí, lena n-áirítear in eastáit chónaithe. Aicmítear Feithiclí a bhfuil a Ré Caite mar dhramhaíl ghuaiseach. Cion faoi alt 71 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, is ea feithicil a thréigean. Faoi alt 9 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, féadfar a ordú go mbainfí feithiclí tréigthe in áiteanna poiblí chun cosc a chur ar thuilleadh bruscair a chruthú, agus féadfar fíneálacha a eisiúint as sárú ar alt 6 den Acht céanna.

**Mórimeachtaí/Imeachtaí Amuigh faoin Aer**
Tomhlaíonn an lucht freastail ar mhórimeachtaí/ar imeachtaí amuigh faoin aer méideanna móra bia agus dí.

Fágtar pacáistíocht úsáidte agus míreanna bia úsáidte ar an talamh i gcónaí. Faoi alt 18 de na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, ceanglaítear ar thionscnóirí agus eagraithe mórimeachtaí/imeachtaí amuigh faoin aer bearta rialaithe bruscair a chur chun feidhme ag an ionad agus sa limistéar máguaird. Ceanglaítear ar thionscnóirí agus ar eagraithe na rialuithe sin a chur chun feidhme roimh an imeacht, le linn an imeachta agus tar éis an imeachta. I measc na mórimeachtaí bheadh féilte, paráidí, ceolchoirmeacha agus ócáidí spóirt.

**Feithiclí Droch-Chlúdaithe a Iompraíonn Míreanna Scaoilte**
Ceanglaítear ar fheithiclí a iompraíonn dramhaíl, faoin gcead bailithe dramhaíola iomchuí, an dramhaíl a choinneáil clúdaithe le linn iompair. Is minic a thagann bruscar atá séidte ag an ngaoth as trucailí droch-chlúdaithe, bíodh sé sin trí líonta stróicthe nó trí gan aon líonta a bheith ann ar chor ar bith. Baineann deacracht ar leith leis an gcineál sin bruscair a bhailiú toisc go mbíonn sé scaipthe thar achar sách fada in amanna.

**Tithe Tábhairne**
Is gnách go mbíonn baint ag an gcaitheamh tobac le tithe tábhairne agus le siopaí geallghlacadóra. Is fadhb lasmuigh de roinnt áiteanna oibre í freisin in amanna. Ós rud é go gcaitheann custaiméirí tréimhsí fada ama sna háitribh sin, bíonn orthu dul amach chun a chinntiú nach sáraíonn siad an cosc ar chaitheamh tobac. Rinne roinnt úinéirí ar na háitribh sin bearta chun a chinntiú go mbíonn rochtain éasca ag custaiméirí ar ghabhdáin nuair a fhaigheann siad réidh de bhruscar a bhaineann le toitíní.

**Bruscar am lóin scoileanna**
Is féidir le giniúint bruscair a bheith ina fadhb in aice le roinnt áiteanna oibre agus meánscoileanna, áit a mbíonn líon mór daoine ag ithe agus iad ag gluaiseacht idir an scoil/gnólachtaí agus siopaí áitiúla. In amanna, carntar an cineál sin bruscair i limistéir ghlasa le linn mhíonna an tsamhraidh, de réir mar a itheann níos mó daoine amuigh faoin aer.

**Asraonta Miondíola agus tomhaltas bia agus deochanna beir leat**
Is féidir leis an earnáil miondíola cur leis an méid bruscair, go háirithe maidir le tomhaltas bia agus deochanna. Is í treocht a bhíonn ag fás maidir le bia beir leat a bheith á ithe nó deochanna a bheith á n-ól ag daoine agus iad ag gluaiseacht is cúis le líon méadaithe gearán faoina tionchar. Tuairiscíonn go leor grúpaí áitiúla ábhair imní faoin líon méadaitheach cupán caife indiúscartha, buidéal dí agus cannaí dí agus faoin méid méadaitheach pacáistíochta beir leat a bhítear ag aimsiú ar ár sráideanna agus ar ár gciumhaiseanna bóthair. Ós rud é gur míreanna móra iad sin, bíonn tionchar an-soiléir acu ina lán cásanna.

**Málaí bruscair atá stróicthe agus araidí rothaí atá tiontaithe bunoscionn**
I gContae Loch Garman, baineann roinnt custaiméirí le bailitheoirí dramhaíola úsáid as málaí plaisteacha le haghaidh a ndramhaíola in ionad araidí rothaí a úsáid i gcás go bhfuil siad díolmhaithe ó araid rothaí a úsáid mar gheall ar fhadhbanna rochtana maidir le seirbhís bailithe araidí rothaí a úsáid. Ní fhéadfaidh Comhairle Contae Loch Garman díolúintí ó bhailiúcháin araidí rothaí a dheonú ach amháin de réir critéir dhiana náisiúnta. In amanna, bíonn málaí fágtha amuigh ar feadh cúpla lá roimh bhailiú agus, in amanna eile, ní dhéantar an bailiú iarbhír. In imthosca den sórt sin, ní annamh a stróiceann ainmhithe aon mhálaí a bhfuil bia iontu óna chéile. Is féidir le haraidí rothaí atá ag cur thar maoil agus le boscaí atá bunoscionn a bheith mar chúis le fadhbanna den chineál céanna, agus boscaí a fhágtar amach go róluath ag méadú an riosca, go háirithe le linn aimsir ghaofar.

**Araidí atá cur thar maoil agus bainc athchúrsála**
Is féidir le haraidí atá ag cur thar maoil bruscar a ghiniúint in ionad cabhrú le bruscar a rialú. Tá sé tábhachtach araidí a chur in áiteanna oiriúnacha a bhfuil córais bhailiúcháin chuí acu. Níor cheart diúscairt dramhaíola tí a éascú le dearadh na haraide. Is féidir le bainc athchúrsála fadhbanna gaolmhara a bheith acu le linn tréimhsí buaicéilimh.

**Áiteanna fóillíochta agus áiteanna cruinnithe**
Bíonn áineas agus fóillíocht amuigh faoin spéir tábhachtach do chónaitheoirí an Chontae agus do go leor cuairteoirí air araon. Go háirithe sa dea-aimsir, is féidir lena lán suíomhanna, lena n-áirítear tránna, cosáin chósta, láithreáin oidhreachta agus na hardtailte tionól suntasach daoine nó líon suntasach cuairteoirí a mhealladh, rud as a dtagann méideanna móra bruscair ar láithreáin atá doiligh le rochtain agus nach féidir a ghlanadh go héasca.

Chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin agus ar fhadhbanna eile a bhaineann le bruscar, moltar sa Dréacht-**Phlean Bainistíochta Bruscair 2024-2027** ó Chomhairle Contae Loch Garman **cuspóirí agus gníomhartha faoi cheithre cheannteideal leithne, lena n-áirítear tionscnaimh reatha agus tionscnaimh nua, mar a leanas:**

- Bearta Oideachais agus Feasachta Comhshaoil.
- Cosc agus Rialú Bruscair, agus Soláthar Saoráidí Bainistíochta Dramhaíola.
- Gníomhaíocht Forfheidhmiúcháin agus Rialála.
- Comhpháirtíocht le grúpaí pobail/deonacha áitiúla, le gnólachtaí áitiúla agus le scoileanna áitiúla.

## G.1 Bearta Oideachais agus Feasachta

Soláthraíonn Aonad Oideachais agus Feasachta Comhshaoil Chomhairle Contae Loch Garman oideachas agus feasacht maidir leis an mbruscar ar fud an Chontae. Tá gach earnáil den tsochaí, lena n-áirítear scoileanna, gnólachtaí, pobail agus daoine den phobal i gcoitinne, ar áireamh sa chlár. Tá sé mar aidhm le feachtais frithbhruscair feasacht a mhúscailt ar an tionchar a bhíonn ag bruscar a chaitheamh, ag dumpáil agus ag gníomhaíochtaí díobhálacha eile ar an timpeallacht ina mairimid. Leis an gclár, spreagtar freagracht phearsanta agus rannpháirtíocht mhuintir Loch Garman maidir le dul i ngleic leis na saincheisteanna agus cothaítear bród sa chontae agus ar an leibhéal áitiúil.

Tá baint ag saincheist an bhruscair le mór-shaincheisteanna a bhaineann lenár gcomhshaol a chosaint, lena n-áirítear cleachtas bainistíochta dramhaíola níos fearr, cosc dramhaíola níos fearr, agus acmhainní nádúrtha an Chontae a chosaint.

**Cuspóir:** Leagtar díriú sna tionscnaimh Oideachais agus Feasachta Comhshaoil ar fheasacht a chruthú ar na fadhbanna a eascraíonn as an truailliú ó bhruscar agus as an dumpáil bruscair agus ar dhaoine, lena n-áirítear daoine óga, a spreagadh chun déileáil lena gcuid dramhaíola ar bhealach atá sábháilte agus neamhdhíobhálach don chomhshaol (coisc, laghdaigh, athúsáid, athchúrsáil), agus úsáid á baint acu as seirbhísí dlisteanacha bainistíochta dramhaíola. Áirítear iad seo a leanas leis na gníomhartha sonracha agus na tionscnaimh shonracha (atá ann cheana agus atá beartaithe) sa réimse sin:

| Uimhir | Gníomh Beartaithe | Freagracht | Amlíne | Aschur an bhirt |
|---|---|---|---|---|
| G.1.1 | Aonad Oideachais agus Feasachta Comhshaoil a bhunú sa Rannóg um Athrú Aeráide agus Comhshaol, le tacaíocht ó Oifigeach Oideachais agus Feasachta Comhshaoil agus ó Oifigigh Chléireachais ar choibhéis lánaimseartha 1.5. | Innealtóir/Oifigeach Riaracháin Sinsearach. | R2 2024 | An t-aonad a chur i gcrích agus a bhunú. |
| G.1.2 | Leanúint le páirt a ghlacadh i gClár na Scoileanna Glasa a reáchtálann An Taisce. | An tAonad Oideachais agus Feasachta Comhshaoil. | Fad an Phlean ó 2024 go 2027 | An céatadán de scoileanna atá ag glacadh páirt ann agus a bhfuil Brat Glas acu. |
| G.1.3 | Feachtas a sheoladh faoi Bhruscar Cois Bóthair trí úsáid a bhaint as an raidió, as nuachtáin áitiúla, as na meáin shóisialta, as póstaeir agus as bileoga. | An tOifigeach Oideachais agus Feasachta Comhshaoil/an tOifigeach Riaracháin | R3 2024 | An feachtas a chur i gcrích agus sonraí a fháil faoin líon amharc sna meáin shóisialta agus faoi fhógraí raidió, etc. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| G.1.4. | Leanúint den fheachtas eitice amuigh “Ná Fág Aon Rian” i scoileanna a chur chun cinn trí cheardlanna, | An tOifigeach Oideachais agus Feasachta Comhshaoil | Fad an Phlean ó 2024 go 2027. | An feachtas a chríochnú agus an líon ceardlann a tionóladh, etc. |
| G.1.5. | An Scéim Bruscair “Cairde is Bainteoirí” a thabhairt isteach i mbunscoileanna | An tOifigeach Oideachais agus Feasachta Comhshaoil | R3 2024 agus ina dhiaidh sin. | An líon scoileanna atá ag glacadh páirt sa Scéim. |
| G.1.6 | Leanúint de thacú leis an bhFeachtas Glantacháin Náisiúnta Earraigh i mí Aibreáin gach bliain agus de thacú le Grúpaí Pobail/Deonacha le hábhair agus le bailiú na dramhaíola arna haimsiú. | An tOifigeach Oideachais agus Feasachta Comhshaoil | Gach bliain le linn théarma an Phlean ó 2024 go 2027 | An Líon Grúpaí Pobail/Deonacha atá ag glacadh páirt ann, etc. |
| G.1.7 | Feachtas a sheoladh i ndáil le bruscar toitíní (atá ar an mír bruscair is coitianta), go háirithe bunanna toitíní agus bruscar galtoitíní. | An tOifigeach Oideachais agus Feasachta Comhshaoil agus an Rannóg Oifigeach Feasachta Comhshaoil | Ó R2 2024 ar aghaidh | An tionchar i ndáil le staitisticí an Chórais Náisiúnta Faireacháin ar Thruailliú ó Bhruscar le haghaidh bruscar toitíní. |
| G.1.8 | Tacú le Grúpaí Bailte Slachtmhara maidir le hábhair, le comhairle agus le ceardlanna ar thopaicí éagsúla. | An tAonad Oideachais agus Feasachta Comhshaoil. | Ar siúl le linn théarma an Phlean ó 2024 go 2027 | Feidhmíocht Bhailte agus Shráidbhailte Loch Garman i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. |
| G.1.9 | Leanúint d’fheachtais agus de thionscnaimh maidir le salú madraí – fógraíocht, fógraíocht sna meáin shóisialta, an siúlóir madraí glas, patróil maor comhshaoil, soláthar sluaistíní caca, araidí agus comharthaíocht, etc. | An tAonad Oideachais agus Feasachta Comhshaoil.<br><br>Maoir Chomhshaoil<br><br>Baill Foirne Ceantair Bhardasaigh | Ag tosú in R2 2024 | Staitisticí an Chórais Náisiúnta Faireacháin ar Thruailliú ó Bhruscar maidir le salú madraí, agus an líon gearán arna bhfáil. |
| G.1.10 | Comórtas bliantúil “Coinnigh Loch Garman Álainn” a reáchtáil le haghaidh bailte/sráidbhailte/eastát agus grúpaí pobail/deonacha, agus na Gradaim Chomhshaoil bhliantúla a chur ar siúl i mí na Samhna mar thoradh air. | An tAonad Oideachais agus Feasachta Comhshaoil. | Gach bliain le linn théarma an Phlean ó 2024 go 2027 | An líon iontrálaithe, agus an líon grúpaí atá ag baint gradam amach agus éagsúlacht na ngrúpaí sin. |
| G.1.11 | Cabhrú agus Tacú le Tionscnamh Éarlaise agus Aisíoca Re-turn Ireland le haghaidh buidéil phlaisteacha dí agus cannaí miotail dí agus an tionscnamh sin a chur chun cinn. | An tAonad Oideachais agus Feasachta Comhshaoil. | Ó mhí Feabhra 2024 ar aghaidh | An líon buidéal agus carranna arna dtabhairt ar ais, agus laghdú féideartha sa bhruscar. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| G.1.12 | "Féile Scannán Bruscair" a eagrú don Idirbhliain i meánscoileanna a bhfuil ceardlann léirithe scannán agus léiriú fógra ghearr comhshaoil i gceist léi. | An tAonad Oideachais agus Feasachta Comhshaoil. | R3 2024 | An líon scoileanna rannpháirteach a. |
| G.1.13 | Aird a tharraingt ar ionchúisimh rathúla bhruscair/dhramhaíola in aghaidh caiteoirí bruscair sna meáin shóisialta agus sna meáin thraidisiúnta. | An Rannóg Comhshaoil | Ó R2 2024 ar aghaidh | An líon ionchúiseamh agus an phoiblíocht iarmhartach. |
| G.1.14 | Leanúint den Chomórtas Bliantúil Saothair Ealaíne Comhshaoil agus den Chomórtas Maisiúchán Nollag Athchúrsáilte do Scoileanna a eagrú gach bliain. | An tAonad Oideachais agus Feasachta Comhshaoil. | An samhradh le haghaidh an Chomórtais Saothair Ealaíne Comhshaoil agus an Nollaig le haghaidh an Chomórtais Maisiúchán Nollag sa tréimhse ó 2024 go 2027 | An líon iontrálaithe i ngach comórtas. |
| G.1.15 | Freastal ar Fhéilte/ar Sheónna/ar Thaispeántais le haonad soghluaiste. | An tAonad Oideachais agus Feasachta Comhshaoil. | Ó R2 2024 ar aghaidh | An líon imeachtaí ar freastalaíodh orthu. |

## ***G.2 Cosc agus Rialú Bruscair***

Oibríonn Comhairle Contae Loch Garman bearta um chosc agus rialú bruscair ar fud an Chontae. Oibríonn na cúig cheantar bhardasacha, eadhon Ceantar Bardasach Ghuaire-Chill Mhucraise, Ceantar Bardasach Inis Córthaidh, Ceantar Bardasach Loch Garman, Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin agus Ceantar Buirge Loch Garman le Bainistíocht Dramhaíola, agus príomhról á imirt acu i soláthar na seirbhíse sin ar an leibhéal áitiúil.

Ghabh siad orthu féin cuid mhór de na dualgais a ndearnadh comhairlí baile iad roimhe sin agus cinntíonn siad go mbíonn rochtain chomhionann ag gach baile sa chontae ar raon seirbhísí atá oiriúnach dá méid. I measc na seirbhísí tá glantachán sráideanna, cothabháil araidí bruscair, baint dumpála neamhdhleathaí agus cothabháil comharthaíochta.

**Cuspóir**: feabhas a chur ar bhearta um chosc agus rialú bruscair chun cabhrú le cruthú bruscair a chosc, lena n-áirítear líonra saoráidí a sholáthar chun athchúrsáil dramhaíola tí a spreagadh i measc mhuintir Chontae Loch Garman. Seirbhísí éifeachtúla scuabtha sráideanna agus folmhaithe araidí bruscair a oibriú don Chontae chun bruscar a chosc agus a rialú.

| **Uimhir** | **Gníomh Beartaithe** | **Páirtí Freagrach** | **Amlíne** | **Aschuir** |
|---|---|---|---|---|
| G.2.1 | Oibríochtaí Scuabtha Bóithre agus Folmhaithe Araidí a athbhreithniú le hInnealtóirí Ceantair chun seirbhís chuimsitheach éifeachtúil a chinntiú chun bruscar a chosc agus a rialú sa Chontae | Innealtóirí Ceantair Bóithre agus an tOifigeach Riaracháin Comhshaoil | R4 2024 | Oibríochtaí níos éifeachtúla, etc. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| G.2.2 | Úsáid an Líonra Ionad Athchúrsála Teaghlaigh a oibriú agus a chur chun cinn sna ceithre phríomhionad uirbeacha. | An tInnealtóir Bainistíochta Dramhaíola agus an Rannóg Comhshaoil | Ar siúl ar fud shaolré an Phlean. | An líon cuairteoirí ar na hIonaid. |
| G.2.3 | Oibriú na Scéime Araidí Rothaí Pobail a athbhreithniú. | An Rannóg Comhshaoil | R2 2024 | An líon grúpaí pobail atá gníomhach tríd an Scéim. |
| G.2.4 | Cistiú Frithdhumpála na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a úsáid chun bearta coisctheacha a chur chun feidhme, amhail geataí, fálú agus tírdhreachú ag baill dhubha bhruscair. | An Rannóg Comhshaoil.<br><br>An Fhoireann Comhshaoil. | Gach bliain ar fud shaolré an Phlean ó 2024 go 2027. | An líon ball dubh bruscair arna bhfeabhsú. |
| G.2.5 | Athbhreithniú agus feabhsú a dhéanamh ar sceideal folmhaithe an 110 ionad buidéal/cannaí ar fud an Chontae. | An tInnealtóir Bainistíochta Dramhaíola agus an Fhoireann Comhshaoil agus Conraitheoir | R2 2024 | An líon gearán agus araidí buidéal. |
| G.2.6 | Tuilleadh laethanta Dramhaíola Pobail agus Dramhaíola Guaisí (e.g., péinteanna) a reáchtáil le linn théarma an Phlean Bainistíochta Bruscair. | An Rannóg Comhshaoil agus an Fhoireann Comhshaoil | R3 2024 | An líon laethanta arna reáchtáil agus an méid ábhair arna bhailiú. |
| G.2.7 | Dáileoirí sluaistíní caca agus araidí a sholáthar i mbailte, i bpáirceanna agus ar thránna brait ghoirm. | An Rannóg Chomhshaoil i gcomhar le Baill Foirne Ceantair Bhardasaigh | Ó R2 2024 ar aghaidh | Dáileoirí arna soláthar agus málaí arna n-úsáid. |

## ***G.3 Gníomhaíocht Forfheidhmiúcháin.***




*Maoir Rannóg Comhshaoil Chomhairle Contae Loch Garman*

Príomhthosaíocht le haghaidh straitéis Chomhairle Contae Loch Garman chun déileáil le bruscar is ea forfheidhmiú na reachtaíochta iomchuí ar fad. Tá an Chomhairle lántiomanta d'fhorfheidhmiú an Achta um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 (arna leasú), d'fhorfheidhmiú an Achta um Bainistiú Dramhaíola, 1996 (arna leasú), agus d'fhorfheidhmiú na reachtaíochta iomchuí ar fad eile agus na bhfodhlíthe iomchuí ar fad eile.

Ag gníomhú dóibh le tacaíocht oifige, téann cúigear ball foirne forfheidhmiúcháin ar patról ar an gContae gach lá chun cionta bruscair agus dumpála neamhdhleathaí a imscrúdú. Freagraíonn Foireann Comhshaoil atá comhdhéanta de dheichniúr do thuairiscí ar dhumpáil neamhdhleathach/ar dhiúscairt neamhdhleathach a bhfaigheann an Chomhairle iad. Maidir leis na tuairiscí uile ar bhruscar a chaitheamh agus ar dhumpáil a bhfaigheann Comhairle Contae Loch Garman nó an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil iad go díreach, déantar iad a thaifeadadh ar an gcóras gearán comhshaoil, áit a ndéantar iad a rianú ón ngearán go dtí an t-imscrúdú, an glanadh suas agus an forfheidhmiú. Eisítear fógraí pionóis sheasta móide ordú le haghaidh costais ghlantacháin a íoc aon uair a dhéantar fianaise leordhóthanach a aimsiú nó a sholáthar. Tionscnaítear ionchúiseamh díreach nuair a mheastar é sin a bheith cuí. Tionscnaítear ionchúiseamh freisin in aghaidh na ndaoine nach n-íocann na fógraí pionóis sheasta.

***Cuspóir:*** an tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 (arna leasú), agus an tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 (arna leasú), a úsáid chun gníomhaíocht forfheidhmiúcháin láidir a thionscnamh in aghaidh ciontóirí atá bainteach le bruscar a chaitheamh agus le dumpáil agus chun an líon ball dubh bruscair sa Chontae a laghdú.

***Gníomhartha***

| Uimhir | Gníomh Beartaithe | Freagracht | Amlíne | Aschuir |
|---|---|---|---|---|
| G.3.1 | Córas logála gearán a oibriú le haghaidh gearán faoi bhruscar agus faoi dhramhaíl chun a chinntiú go n-imscrúdaítear iad. | An Rannóg Oifigeach Feasachta Comhshaoil | Ar fud shaolré an Phlean ó 2024 go 2027 | An líon gearán arna bhfáil agus arna ndúnadh. |
| G.3.2 | Athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar na comharthaíochta frithbhruscair d'fhonn feabhas a chur ar an gcéanna. | An Rannóg Oifigeach Feasachta Comhshaoil agus an Fhoireann Comhshaoil | R2 2024 | Comharthaíocht arna dearadh. |
| G.3.3 | Patróil spriocdhírithe ag Maoir Chomhshaoil le haghaidh salú madraí, bruscar ócáideach, bruscar trá, bruscar taobh amuigh de ghnólachtaí, agus mí-úsáid araidí poiblí i limistéir éagsúla, etc. | An Rannóg Oifigeach Feasachta Comhshaoil agus Maoir Chomhshaoil | Ó R2 2024 ar aghaidh | An líon patról arna ndéanamh, etc., agus cineál na bpatról. |
| G.3.4 | Glacadh a dhéanamh ar na Treoirlínte ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil maidir le húsáid TCI le haghaidh forfheidhmiú bruscair/dramhaíola i gcomhar le Plean arna ghlacadh maidir le húsáid TCI ag Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Loch Garman. | An Rannóg Innealtóirí Sinsearacha Comhshaoil | Ó R3 2024 ar aghaidh | An líon láithreán ar imscaradh na bearta sin acu.<br><br>An líon fíneálacha arna n-eisiúint agus an líon ionchúiseamh arna dtionscnamh. |
| G.3.5 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht a rinneadh faoi na Fodhlíthe um Dhramhaíl a Thabhairt i Láthair, 2018, d'fhonn feabhas a chur ar an gcéanna. | An tInnealtóir Comhshaoil Sinsearach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola. | R2 2024 | An líon suirbhéanna, fógraí agus fíneálacha arna n-eisiúint. |
| G.3.6 | Athbhreithniú a dhéanamh ar fhadhb na pacáistíochta bia beir leat agus an bhfuil nó nach bhfuil sé indéanta a cheangal go bhfuil ainm an áitribh ag úinéirí ar a bpacáistíocht agus a chinntiú go bhfuil úinéirí ag cloí leis na hoibleagáidí dlíthiúla atá orthu maidir le bruscar. | An Rannóg Comhshaoil agus Maoir Chomhshaoil | R2 2024 | An líon gnólachtaí a ndeachthas i gcomhairle leo agus an líon atá ag comhoibriú. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| G.3.7 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCóras Gearán Bruscair/Dramhaíola chun aiseolas feabhsaithe do ghearánaigh a bhreithniú. | An Rannóg Comhshaoil/Seirbhís do Chustaiméirí agus TF. | Ó R2 2024 ar aghaidh | An líon gearán arna ndúnadh. |
| G.3.8 | Beirt Mhaor Patróil Comhshaoil a imscaradh chun forálacha an Achta um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 (arna leasú), agus forálacha na bhFodhlíthe um Dhramhaíl a Thabhairt i Láthair, 2018, a chur chun feidhme. | An tOifigeach Feasachta Comhshaoil<br><br>Maoir Patróil Comhshaoil | Ar fud shaolré an Phlean ó 2024 go 2027 | An líon fíneálacha arna n-eisiúint.<br><br>An líon ionchúiseamh arna dtionscnamh. |
| G.3.9 | Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe bailithe dramhaíola le haghaidh maoine ar cíos d'fhonn tiarnaí talún a spreagadh chun costais bailithe dramhaíola a áireamh i socruithe cíosa chun carnadh dramhaíola ag maoine príobháideacha ar cíos a sheachaint | An fhoireann forfheidhmiúcháin dramhaíola.<br><br>An Rannóg Comhshaoil | Ó R3 2024 ar aghaidh | Laghdú sa líon gearán faoi bhruscar ag maoine príobháideach a ar cíos. |
| G.3.10 | Athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheist na comharthaíochta tráchtála neamhdhleathaí ar bhóithre poiblí atá ag sárú alt 19 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 (arna leasú). | An Rannóg Comhshaoil<br><br>An Rannóg Bóithre | Ó R3 2024 ar aghaidh | An líon fíneálacha arna n-eisiúint faoi alt 19 |
| G.3.11 | Úsáid mhéadaithe a bhaint as Comharthaíocht Frithbhruscair ar a bhfuil mionsonraí faoi phionóis. | An Rannóg Comhshaoil agus an Fhoireann Comhshaoil | Ó R2 2024 ar aghaidh | An líon comharthaí arna gcur suas. |
| G.3.12 | Cur chun cinn a dhéanamh ar úsáid a bhaint as suíomh Gréasáin na Comhairle, as a huimhir fóin 053 9196000 agus as an Aip "See it? Say it!" de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil chun daoine a spreagadh chun fadhbanna bruscair agus dramhaíola a | An Rannóg Comhshaoil | Ó R2 2024 ar aghaidh | An líon gearán arna bhfáil ag Comhairle Contae Loch Garman. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | thuairisciú do Chomhairle Contae Loch Garman | | | |
| G.3.13 | Scrúdú a dhéanamh ar chomharthaíocht bhrandáilte a úsáid le haghaidh feithiclí do Sheirbhís Comhshaoil Chomhairle Contae Loch Garman chun éifeachtúlachtaí a fheabhsú agus chun infheictheacht a mhéadú. | An Rannóg Comhshaoil agus an Clós Innealra | Ó R3 2024 ar aghaidh | An líon comharthaí agus na cineálacha comharthaí arna n-úsáid. |
| G.3.14 | Leanúint den Fhoireann Comhshaoil le haghaidh freagairt do dhumpáil mhídhleathach agus le haghaidh tionscnaimh réamhghníomhacha Bhruscair/Dhramhaíola. | An tInnealtóir agus an Fhoireann Oibríochtaí Dramhaíola | Ó R2 2024 ar aghaidh. | An líon glantachán. An líon ionchúiseamh agus tionscadal ar tugadh fúthu. |

***<u>G.4 Comhpháirtíocht le grúpaí pobail/deonacha áitiúla, le scoileanna áitiúla, le gnólachtaí áitiúla agus mar sin de.</u>***

**Cuspóir:** Is é an cuspóir ná an caidreamh le grúpaí pobail áitiúla, le scoileanna áitiúla, le gnólachtaí áitiúla agus le heagraíochtaí deonacha áitiúla a mhéadú chun cabhrú le dul i ngleic le fadhb an truaillithe ó bhruscar timpeall Chontae Loch Garman. Tá a lán grúpaí agus daoine aonair ag déanamh obair iontach chun cabhrú le bailte, sráidbhailte, tránna, páirceanna, coillearnach agus limistéir radharcacha eile ina gceantar áitiúil a chothabháil agus a fheabhsú. Trí roinnt tionscnamh atá ann cheana agus trí roinnt tionscnaimh nua, tá Comhairle Contae Loch Garman ag iarraidh rannpháirtíocht sna scéimeanna sin a mhéadú chun cabhrú le fadhb mhór an bhruscair a chomhrac.

***Gníomhartha:***

| **Uimhir an Bhirt** | **Gníomh Beartaithe** | **Freagracht** | **Amlíne** | **Aschuir** |
|---|---|---|---|---|
| G.4.1 | Páirt a ghlacadh gach bliain san Fheachtas Glantacháin Náisiúnta Earraigh a reáchtálann An Taisce é. | An tAonad Oideachais agus Feasachta Comhshaoil | R2<br>Gach bliain | An líon glantachán agus tonnáistí a mhéadú |
| G.4.2 | An Comórtas ‘Coinnigh Loch Garman Álainn’ a reáchtáil gach bliain. | An tAonad Oideachais agus Feasachta Comhshaoil | R3<br>Gach bliain | An líon grúpaí a mhéadú |
| G.4.3 | Oíche Gradam Comhshaoil a chur ar siúl le haghaidh grúpaí pobail, scoileanna agus daoine aonair | An tAonad Oideachais agus Feasachta | R4<br>Gach bliain | Deireadh an Chomórtais ‘Coinnigh Loch Garman Álainn’ |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Comhshaoil | | |
| G.4.4 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Araidí Rothaí Pobail do Ghrúpaí Pobail chun éifeachtacht a fheabhsú | An Rannóg Comhshaoil | R2 2024 | Scéim Nua agus Nuashonraithe |
| G.4.5 | Tacaíocht, cabhair agus comhairle a thabhairt do Ghrúpaí Bailte Slachtmhara le haghaidh an Chomórtais Náisiúnta. | An tAonad Oideachais agus Feasachta Comhshaoil | Tacaíocht Bhliantúil | Rannpháirtíocht fheabhsaithe agus Torthaí Chomórtas na mBailte Slachtmhara |
| G.4.6 | Faisnéis a dhearadh agus a dháileadh ar úinéirí gnó maidir lena n-oibleagáidí i ndáil leis an reachtaíocht bruscair agus dramhaíola. | An tAonad Oideachais agus Feasachta Comhshaoil<br><br>Maoir Chomhshaoil | R2 2024 ar aghaidh | Feabhas a chur ar ghlaineacht taobh amuigh de ghnólachtaí |
| G.4.7 | Naisc a bhunú le Craobhacha an Chomhlachais Tráchtála d'fhonn dea-chleachtas comhshaoil le dramhaíl a chur chun cinn i measc Chomhaltaí an Chomhlachais. | An tAonad Oideachais agus Feasachta Comhshaoil | R3 2024 ar aghaidh | An líon cruinnithe agus tionscnamh leis an gComhlachas Tráchtála. |
| G.4.8 | Imscrúdú a dhéanamh ar oibriú Scéimeanna um Bóthar a Ghlacadh/um Bainc Fág Anseo i gcontaetha eile chun a fháil amach an bhfuil siad oiriúnach do Chontae Loch Garman nó nach bhfuil. | An Rannóg Comhshaoil<br><br>Maoir Chomhshaoil | R3 2024 | Contaetha eile a fhiosrú |

## Mionsonraí faoi roinnt tionscnaimh phobalbhunaithe.

### 1). An Glantachán Náisiúnta Earraigh

Is é is an Glantachán Náisiúnta Earraigh ann ná tionscnamh a chuirtear ar siúl ar fud na tíre i mí Aibreáin gach bliain agus a chuimsíonn comhpháirtíocht idir eagraíochtaí pobail/deonacha, grúpaí cónaitheoirí, scoileanna, An Taisce agus comhairlí contae. Tá trí chuspóir leis an gclár:

(i) Feasacht a mhúscailt ar shaincheisteanna bruscair agus dramhaíola.

(ii) Glantacháin a spreagadh le linn mhí Aibreáin.

(iii) Rannpháirtíocht phraiticiúil mharthanach a chur chun cinn in aire a thabhairt don chomhshaol.

Tá ag éirí go geal leis an tionscnamh seo i gContae Loch Garman, agus 1,023 ghrúpa pobail/dheonacha ag glacadh páirt ann sa bhliain 2022 agus 1,331 ghrúpa ag glacadh páirt ann sa bhliain 2021.

Cláraíonn grúpaí ar spéis leo é le Comhairle Contae Loch Garman agus leis An Taisce le linn mhí Aibreáin. Soláthraítear pacáistí cabhrach ina bhfuil faisnéis faoi shláinte agus sábháilteacht agus faoi athchúrsáil, i measc nithe eile, do na grúpaí.

Soláthraíonn Comhairle Contae Loch Garman málaí, lámhainní, bailitheoirí bruscair agus tabairds Ghlantachán Náisiúnta an Earraigh d'oibrithe deonacha do na grúpaí freisin agus déantar socruithe chun dramhaíl a bhailiú nó chun rochtain a cheadú ar Shaoráid Bainistíochta Dramhaíola na Comhairle.

Leanann Comhairle Contae Loch Garman den tionscnamh sármhaith a chur chun cinn, ar tionscnamh é a chabhraíonn lena lán páirceanna, bóithre, eastát, tránna agus limistéir radharcacha áitiúla a ghlanadh i mí Aibreáin agus i dtús mhí na Bealtaine gach bliain. Soláthraíonn an Chomhairle saoráidí ag ar féidir an dramhaíl a mbailíonn na grúpaí í a chur, nó is féidir socruithe a dhéanamh chun an dramhaíl a bhailiú ó limistéir atá níos iargúlta faoin tuath.

**2). An Tascfhórsa um Bruscar ó Ghuma Coganta**

Is é atá i gceist le Feachtas an Tascfhórsa um Bruscar ó Ghuma Coganta ná comhpháirtíocht idir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, ionadaithe don tionscal bia agus deochanna agus don tionscal guma coganta, comhairlí contae agus grúpaí pobail áitiúla. Is é príomhchuspóir an fheachtais bruscar ó ghuma coganta a laghdú agus iompraíocht daoine i leith bruscair a athrú.

Is é atá i gceist leis an bhfeachtas ná fógraíocht teilifíse agus preasa náisiúnta, feachtais áitiúla póstaer, faireachán a dhéanamh ar limistéir áitiúla le haghaidh aon fheabhsuithe ar spruadar bruscair ó ghuma coganta, agus málaí guma coganta agus clúdaigh guma coganta a dháileadh i gcomhar le scoileanna agus le grúpaí pobail áitiúla.

Trí Chomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara, bhuaigh Baile Loch Garman duais an Tascfhórsa um Bruscar ó Ghuma Coganta do bhailte móra sna blianta 2013, 2014, 2015 agus 2016. Cuirfear an feachtas seo chun cinn le linn an Phlean Bainistíochta Bruscair reatha.

**3). An Feachtas 'Coinnigh Loch Garman Álainn'**

Tá an Feachtas 'Coinnigh Loch Garman Álainn' ar siúl le 45 bliana anuas, agus é ag glacadh le héagsúlacht leathan tionscnamh chun rannpháirtíocht an phobail i bhfeabhsuithe comhshaoil i limistéir áitiúla a spreagadh.

Áirítear leis an bhFeachtas 'Coinnigh Loch Garman Álainn' reatha comórtas do ghrúpaí Bailte Slachtmhara, do chumainn cónaitheoirí, do ghrúpaí bainistíochta eastát, do chumainn forbartha, do scoileanna, do ghrúpaí óige agus d'eagraíochtaí pobail eile. Áirítear na nithe seo a leanas leis na catagóirí sa chomórtas reatha:

- An Limistéar Cónaithe is Mó Eolas ar an gComhshaol agus is Fearr Cur i Láthair.
- An Baile/Sráidbhaile is Mó Eolas ar an gComhshaol agus is Fearr Cur i Láthair.
- An Tionscnamh Comhshaoil Pobail is Fearr.
- An Tionscadal Caomhnaithe agus Caomhantais Oidhreachta is Fearr.
- An Tionscnamh Bainistíochta Cósta Pobail is Fearr.
- An Feabhsú Comhshaoil is Fearr ar Inrochtaineacht ag Pobal.
- An Iontráil Nua is Fearr.
- Gradaim as Rannchuidiú Sármhaith Aonair leis an gComhshaol.

Ag deireadh an Fheachtais, cuirtear Oíche Gradam Comhshaoil ardiomrá ar siúl i mí na Samhna gach bliain, rud a chlúdaítear go fairsing sna meáin. Tá duaiseanna aonair sa raon idir €200 agus €500, agus bronntar plaiceanna cuimhneacháin agus teastais agus dearbháin chrainn ar na hiontrálaithe uile. Bíonn an Feachtas ag fás ó thaobh scála agus próifíle de gach bliain. Sa bhliain 2023, bhí breis agus 63 iontrálaí ann sa chomórtas, rud a mheallann roinnt mhaith clúdaigh sa phreas áitiúil.

**4). Araidí Rothaí Pobail**

Soláthróidh Comhairle Contae Loch Garman araid rothaí pobail agus araid athchúrsála do ghrúpaí a bhfuil baint ghníomhach acu ina limistéar féin a ghlanadh. Chun freagracht a spreagadh as bainistíocht fhadtéarmach bruscair, moltar do ghrúpaí forbartha pobail agus do choistí forbartha pobail ar fud an Chontae araidí bruscair nua ina limistéar féin a chistiú go páirteach. Baineann breis agus 200 grúpa pobail/deonach leas as an scéim seo.

**5). Comórtas na mBailte Slachtmhara.**

Tá Comhairle Contae Loch Garman ag obair i ndlúthchomhar le grúpaí Bailte Slachtmhara ar fud an Chontae le roinnt mhaith blianta anuas. Ghlac aon Ghrúpa Bailte Slachtmhara is tríocha páirt sa Chomórtas Náisiúnta sa bhliain 2023. Ghnóthaigh sráidbhaile na hAbhann Duibhe an toradh is fearr i gContae Loch Garman, agus 373 mharc bronnta air (trí mharc níos lú ná Mainistir Laoise, an buaiteoir foriomlán). Fógraíodh torthaí Chomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara Dé Luain an 26 Meán Fómhair i mBaile Átha Cliath. Bhuaigh Bailte Slachtmhara Loch Garman bonn óir, bhuaigh Bailte Slachtmhara Inis Córthaidh bonn airgid agus bhuaigh grúpaí Ghuaire agus Ros Mhic Thriúin araon bonn cré-umha. Bhuaigh Grúpa Bithéagsúlachta Abhainn Áth Aeir Gradam “Uiscí agus Pobail”. Bhuaigh Sráidbhaile Bhrí Gradam Iarrachta.

Chomh maith leis sin, thug an Chomhairle cabhair do ghrúpaí trí chomhairle ghairmiúil ó iarmholtóirí agus iarthírdhreachóirí Chomórtas na mBailte Slachtmhara chun cabhrú le grúpaí a bpleananna forbartha agus a n-iarratais ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara a ullmhú. Rud a leagann a lán grúpaí pobail díriú tábhachtach air is ea Comórtas na Bailte Slachtmhara, agus cabhraíonn sé go mór le pobail áitiúla a spreagadh chun cur i láthair a mbailte agus a sráidbhailte a fheabhsú. Leanfaidh Comhairle Contae Loch Garman de thacaíocht a thabhairt do Ghrúpaí Bailte Slachtmhara agus é mar aidhm léi a chur ar chumas na nGrúpaí Bailte Slachtmhara de chuid Chontae Loch Garman roinnt de na duaiseanna móra náisiúnta a bhaint amach.

**6). An Tionscnamh Frithdhumpála**

Tacaíonn an tionscnamh náisiúnta seo le tionscadail mhóra a chabhróidh le teagmhais dumpála neamhdhleathaí a laghdú trí chistiú a sholáthar le haghaidh tionscadail a bhfuil mar aidhm leo dul i ngleic leis an bhfadhb trí úsáid a bhaint as cur chuige comhoibríoch lena mbainfidh údaráis áitiúla, pobail agus gníomhaireachtaí eile stáit. Dírítear sa tionscnamh ar cheithre phríomhréimse:

- cosc
- laghdú
- oideachas
- forfheidhmiú.

Féadfaidh tionscadail an costas a bhaineann le dramhaíl a bhaint de limistéir ar leith a áireamh ach, rud ba thábhachtaí fós, féadfaidh siad an costas a bhaineann le hoibreacha a chabhraíonn lena chinntiú nach dtarlóidh dumpáil neamhdhleathach choíche a áireamh freisin. Is tionscadail dá leithéid iad na Maithiúnais Tochtanna, Rothair don Afraic agus Glantacháin Ball Dubh Bruscair le fálú/geataí nó le hoibreacha tírdhreachaithe. Cuireadh tús leis an tionscnamh sin sa bhliain 2017.

## H. Conclúid

Is é cuspóir na gclár bainistíochta bruscair agus na dtionscnamh bainistíochta bruscair ná an tionchar atá ag truailliú ó bhruscar ar shráideanna agus tírdhreacha Chontae Loch Garman a laghdú agus, ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar ghné amhairc an Chontae do shaoránaigh áitiúla agus do chuairteoirí ar an gContae. Maidir le gníomhaíochtaí faoi na ceannteidil 'Cosc agus Rialú Bruscair', 'Oideachas agus Feasacht Comhshaoil', 'Gníomhaíocht Forfheidhmiúcháin', 'Rannpháirtíocht an Phobail' agus 'Soláthar Saoráidí Bainistíochta Dramhaíola' thuas, léirítear iontu an cur chuige atá á ghlacadh ag Comhairle Contae Loch Garman i leith an dúshláin sin.

Léiríodh sna Suirbhéanna Náisiúnta ar Thruailliú ó Bhruscar (2022) go raibh 88% (an meán náisiúnta: 80%) de na láithreáin a ndearnadh suirbhé orthu "saor ó bhruscar" nó "faoi bheagáinín bruscair" agus nach raibh aon limistéir "faoi mhéid mór bruscair" ná "faoi mhéid ollmhór bruscair". I Sraith Irish Business Against Litter don bhliain 2022, bhí Guaire sa 10ú háit as 40 áit, agus an baile níos glaine ná noirm Eorpacha. Cé gur léiriú é sin go bhfuil feabhas tagtha ar an staid maidir le roinnt gnéithe d'fhadhb an truaillithe ó bhruscar, tá go leor limistéar ann a bhfuil gá le gníomhaíocht leanúnach ina leith. Cé gur léiriú ar ghníomhaíocht an duine é an bruscar, táthar ag súil gurb amhlaidh, má chomhoibríonn Comhairle Contae Loch Garman, eagraíochtaí pobail áitiúla, gnólachtaí áitiúla, scoileanna áitiúla, teaghlaigh áitiúla agus daoine aonair áitiúla le chéile, a bheifear in ann cur leis na feabhsuithe sa chogadh in aghaidh an truaillithe ó bhruscar chun áit níos fearr le cónaí ann, le hobair ann, le staidéar a dhéanamh ann agus le cuairt a thabhairt air a dhéanamh de Chontae Loch Garman.

## I. Feidhmíocht a Thomhas

De bhreis ar na slata tomhais feidhmíochta atá liostaithe ar ghníomhartha aonair, úsáidfear an méid seo a leanas chun feidhmíocht na ngníomhartha atá leagtha amach faoi Dhréacht-Phlean Bainistíochta Bruscair Chomhairle Contae Loch Garman 2024-2027 a thomhas.

- Torthaí an Chórais Náisiúnta Faireacháin ar Thruailliú ó Bhruscar.
- Torthaí Irish Business Against Litter.
- Torthaí Chomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara.
- An líon gearán arna bhfáil.
- An líon fógraí pionóis sheasta arna n-eisiúint.
- An líon ionchúiseamh bruscair/dramhaíola arna dtionscnamh.
- An céatadán de scoileanna atá ag glacadh páirt i gClár na Scoileanna Glasa.
- An líon grúpaí pobail/deonacha atá ag glacadh páirt sa Chomórtas "Coinnigh Loch Garman Álainn".

## Aguisín 1

**Príomh-mhionsonraí Teagmhála Chomhairle Contae Loch Garman – an Rannóg Comhshaoil.**

| | |
|---|---|
| An tAonad um Sheirbhís do Chustaiméirí | 053 919 6000 |
| Uimh. Éigeandála Chomhairle Contae Loch Garman | 053 919 6000 |
| Ríomhphost: customerservice@wexfordcoco.ie | |
| An Maor Madraí | 087 6293043 |
| Le haghaidh mionsonraí agus comhairle maidir le hathchúrsáil, féach suíomh Gréasáin Chomhairle Contae Loch Garman. | wexfordcoco.ie |

## Aguisín 2:

### Ionaid Fóntas Poiblí Chomhairle Contae Loch Garman

**Ceantar Bardasach Loch Garman agus Ceantar Bardasach Ros Láir**
Saoráid Bainistíochta Dramhaíola Hóm
Baile an Bharúnaigh,
Co. Loch Garman.
Y35 Y28W
Teil.: 053 9196455

**Ceantar Bardasach Inis Córthaidh**
Ionad Athchúrsála Inis Córthaidh
Cill Chonáin,
Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath,
Inis Córthaidh,
Co. Loch Garman.
Y21 KC43
Teil.: 053 923 9790

**Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin**
Ionad Athchúrsála Ros Mhic Thriúin
Fearann Hiúéid,
Ros Mhic Thriúin,
Co. Loch Garman.
Y34 HT99
Teil.: 051 440722

**Ceantar Bardasach Ghuaire**
Páirc Ghnó Ghuaire,
Tom Roide,
Guaire,
Co. Loch Garman.
Y25 KT35
Teil.: 053 9431001